ELeathanach215

Dé Luain 9 Samhain 2015

Amhrán na Mara

Bhí an scannán álainn seo sa phictiúrlann in Éirinn agus thar sáile i rith an tsamhraidh. Anois tá an DVD sna siopaí. Is féidir féachaint ar an scannán i nGaeilge nó i mBéarla. Is cartún fada é. Bhí sé sa chomórtas *The Oscars* freisin.

Insíonn sé scéal Shaoirse agus a dearthár Ben. Is maighdean mhara óg, nó *selkie,* í Saoirse. Is banríon í a máthair anois. Tá na páistí ina gcónaí lena n-athair i dteach solais. Tá an teach solais ar oileán amach ó chósta Dhún na nGall.

Seinneann an grúpa Kíla an ceol don scannán. Tá guthanna aisteoirí cáiliúla le cloisteáil.



Sacar na hÉireann

Oíche Dé hAoine bhuaigh Finn Harps FC (ó Dhún na nGall) ar Limerick FC leis an scór 2-0. I mbliana ba iad Finn Harps an fhoireann ab fhearr. Chríochnaigh Luimneach ag bun na príomhshraithe.

Sa chéad chluiche Dé Luain seo caite bhuaigh Luimneach sa bhaile leis an scór 1-0. Dé hAoine i nDún na nGall fuair Finn Harps an chéad chúl sa chéad leath. Bhí an dá fhoireann ar comhscór.

Ansin ceithre nóiméad ón deireadh fuair an t-imreoir ionaid BJ Banda an cúl a bhuaigh an cluiche. Níl BJ Banda ach seacht mbliana déag d'aois. Beidh Finn Harps ag imirt sa phríomhshraith an bhliain seo chugainn.

Giotár John Lennon díolta

Ba cheoltóir agus amhránaí é John Lennon. Bhí sé ina bhall den ghrúpa cáiliúil *The Beatles*. Fuair sé bás sa bhliain 1980. Bhí sé daichead bliain d'aois. Dé Sathairn cheannaigh duine éigin a ghiotár ar 2.41 milliún dollar.

Ar an lá céanna cheannaigh duine éigin eile pianó Elvis Presley ar $600 000. Amhránaí agus réalta scannán ba ea Elvis. Fuair seisean bás sa bhliain 1977 nuair a bhí sé dhá bhliain is daichead.



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

ROINN FROEBEL DON BHUN- AGUS LUATH- OIDEACHAS OÉMN, OLLSCOIL NA HÉIREANN, I GCOMHPHÁIRT LEIS AN IDIRBHLIAIN, COLÁISTE ALEXANDRA, BÁC 6.

NUI MAYNOOTH